# 18 Bainistiú a dhéanamh ar fhiacha na scéime íocaíochta um iomarcaíocht agus dócmhainneacht

**18.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) maoirseacht ar sholáthar tacaíochta ioncaim agus seirbhísí sóisialta eile faoi réimse leathan scéimeanna. Ina measc seo tá an scéim íocaíochta iomarcaíochta agus an scéim íocaíochta dócmhainneachta, a chistítear tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS).[1]

- Leis na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 (arna leasú) ceanglaítear ar fhostóirí cúiteamh a thabhairt d'oibrithe as a bpost a chailleadh mar gheall ar iomarcaíocht. Is faoi fhorálacha an Achta a fheidhmíonn an scéim íocaíochta iomarcaíochta chun a chinntiú go bhfaigheann fostaithe a dteidlíochtaí reachtúla in imthosca nach bhfuil an fostóir in ann nó toilteanach an íocaíocht a dhéanamh.
- Feidhmíonn an scéim íocaíochtaí dócmhainneachta faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 (arna leasú) chun teidlíochtaí pá-choibhneasa gan íoc atá dlite d'fhostaithe a íoc i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra.

**18.2** Bainistíonn an Roinn na scéimeanna faoi chomhaontú gníomhaireachta leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, a bhfuil freagracht beartais agus reachtaíochta uirthi, ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, as na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta.

**18.3** I dteannta a chéile, tá na scéimeanna íocaíochta sin coibhéiseach le caiteachas dar luach beagnach €31 mhilliún ó CÁS in 2024. Déantar an méid a íocann an Roinn faoi cheachtar de na scéimeanna seo a thaifeadadh go huathoibríoch mar fhiach atá dlite ón bhfostóir ábhartha do CÁS. Féachann an Roinn leis an bhfiach a aisghabháil ón bhféichiúnaí (fostóir). Leagtar amach forbhreathnú ar phríomhghnéithe na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta in Iarscríbhinn 18A.

**18.4** Rinneadh an scrúdú

- chun treochtaí a d'eascair as scéimeanna iomarcaíochta agus íocaíochta dócmhainneachta a aithint, agus
- d'fhonn measúnú a dhéanamh ar phróisis bainistíochta fiachais, aisghabhála agus díscríofa na Roinne le haghaidh na scéimeanna sin.[2]

**18.5** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar na príomhdhoiciméid agus na príomhshonraí a chuir an Roinn ar fáil agus cuireadh baill ábhartha d'fhoireann na Roinne faoi agallamh. Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú freisin ar shampla d'fhiacha fostóra gan íoc agus fiacha díscríofa in 2024 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh bheartas agus nósanna imeachta bainistíochta fiachais na Roinne.


## Anailís ar chaiteachas na scéime

**18.6** In 2024, íocadh €22.9 milliún faoin scéim um íocaíocht iomarcaíochta, agus íocadh €7.9 milliún faoin scéim um íocaíocht dócmhainneachta (féach Fíor 18.1).

1 Feidhmíonn na scéimeanna sin chun oibleagáidí na hÉireann faoi Threoir AE 2008/94/CE, a chomhlíonadh, lena gceanglaítear ar na Ballstáit teidlíochtaí áirithe fostaithe a ráthú i gcás dócmhainneacht fostóra.

2 Eisiadh an scéim íocaíochta um leagan as foirne a bhaineann le Covid-19 ón scrúdú seo toisc nach n-eascraíonn dliteanas fiachais don fhostóir as na híocaíochtaí a dhéantar faoin scéim seo. Tugadh an scéim isteach i mí Aibreáin 2022 chun fostaithe a chúiteamh (nuair a cuireadh ar iomarcaíocht iad) as an am a caitheadh go sealadach gan obair mar gheall ar shrianta Covid-19. Rinneadh íocaíochtaí carnacha €1.7 milliún faoin scéim leagan as foirne go dtí deireadh 2024.

**Fíor 18.1 Líon na n-iarratas nua a fuarthas agus luach na n-íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta a rinne an Roinn, 2015 go 2024[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Cruthaítear iarratas nua do gach fostaí. Is féidir iarratas a dhéanamh ar theidlíocht íocaíochta cnapshuime (iomarcaíocht) agus/nó ar theidlíocht phá-choibhneasa (dócmhainneacht). D'fhéadfadh roinnt comhpháirteanna a bheith in iarratas/íocaíocht dócmhainneachta (mar shampla riaráistí pá nó pá saoire).

**18.7** Tá an dá scéim faoi stiúir an éilimh agus d'fhéadfadh tionchair a bheith acu a eascraíonn as tosca eacnamaíocha. D'fhéadfadh luaineachtaí suntasacha i líon na n-iarratas agus i líon an chaiteachais a bheith mar thoradh air sin freisin[1], ós rud é go mbaineann na scéimeanna le híocaíochtaí aonuaire bunaithe ar imthosca aonair gach iarratasóra, d'fhéadfadh éagsúlacht shuntasach a bheith sa chomhghaol idir méid an chaiteachais agus líon na n-íocaíochtaí.

**18.8** Tá méadú ag teacht ar líon na n-iarratas ar an dá scéim ó bhí 2022 ann. Tá méadú beagnach 50% tagtha ar líon na n-iarratas nua ar an scéim íocaíochta iomarcaíochta le dhá bhliain anuas. Tháinig méadú 80% ar iarratais nua ar an scéim dócmhainneachta sa tréimhse chéanna.

**18.9** Tá sé ráite ag an Roinn go raibh tionchar ag na bearta a glacadh chun tacú le gnólachtaí ó thionchar Covid-19 ar líon na n-éileamh a fuarthas sa tréimhse 2020 go 2023. Tá an méadú ar iarratais le blianta beaga anuas i gcomhréir tríd is tríd le treochtaí roimh COVID-19, i gcoibhneas le gníomhaíocht eacnamaíoch agus leibhéil fostaíochta.

**18.10** In 2024, rinne an Roinn íocaíochtaí scéime thar a gceann le 714 fostóir agus cruinníodh fiachas CÁS comhfhreagrach. As na fostóirí sin, tá 10% (71) freagrach as os cionn 50% den chaiteachas iomlán ar íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta in 2024.

**18.11** Ba é €567,000 an íocaíocht scéime iomarcaíochta is mó a rinne an Roinn in 2024 thar ceann fostóra (2% de chaiteachas na scéime). Is éard a bhí ann íocaíochtaí iomarcaíochta le 62 fostaí aonair de mhéideanna éagsúla bunaithe ar stair fostaíochta gach fostaí aonair. Rinne an Roinn íocaíocht freisin, thar ceann an fhostóra chéanna, le hionadaí an fhostóra (leachtaitheoir) de €481,000 (6% de chaiteachas na scéime) faoin scéim íocaíochta dócmhainneachta. Bhain an íocaíocht seo le 367 comhpháirt pá aonair do 128 fostaí.

1 Cuireann an fostóir nó ionadaí an fhostóra iarratas isteach — thar ceann gach fostaí aonair — ar an scéim íocaíochta iomarcaíochta agus/nó cuireann an leachtaitheoir iarratas isteach thar ceann an fhostóra ar an scéim íocaíochta dócmhainneachta (féach Iarscríbhinn 18A).


## *Treochtaí earnála*

**18.12** Baineann formhór na n-íocaíochtaí faoin scéim iomarcaíochta a rinneadh in 2024 — €21 milliún, nó 91% — le hocht n-earnáil eacnamaíocha. Tá an 9% eile scaipthe ar fud aicmithe eile de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha in Éirinn (féach Fíor 18.2).[1]

1 Dúirt an Roinn, de réir mar a thaifeadtar íocaíochtaí dócmhainneachta in aghaidh daoine aonair, nach dtuairiscítear faisnéis den chineál céanna maidir le hearnáil eacnamaíoch ábhartha an fhostóra le haghaidh íocaíochtaí dócmhainneachta.

**18.13** D'eisigh an Roinn íocaíochtaí €22.9 milliún don scéim íocaíochta iomarcaíochta in 2024. As seo, bhí 54% mar gheall go raibh coinne ag an gcuideachta go rachaidh sí faoi leachtú agus bhí 22% eile mar gheall ar dhúnadh gnó (féach Fíor 18.2).

**Fíor 18.2** **Caiteachas na scéime íocaíochta iomarcaíochta in 2024 de réir gníomhaíocht eacnamaíoch ghnó an fhostóra agus an chúis le hiomarcaíocht[a,b]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Áirítear sna sonraí bunaithe ar íocaíochtaí a eisíodh in 2024 líon beag iarratas a cuireadh isteach in 2023 agus a íocadh in 2024.

b Is de réir struchtúr NACE (Nomenclature générale des Activités économiques dans les Communautés Européennes) é an t-aicmiú, arb é an struchtúr aicmithe staidrimh le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Eoraip é.

c Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht; na healaíona, siamsaíocht agus áineas; oideachas; gníomhaíocht faisnéise agus cumarsáide; riarachán poiblí agus cosaint; gníomhaíochtaí réadmhaoine; iompar agus stóráil.

d Áirítear le nithe eile cuíchóiriú/atheagrú, glacadóireacht, scrúdaitheoireacht, féimheacht, athrú ar chleachtas oibre — nach bhfuil in ann déileáil leis, bás fostóra, deireadh conartha, díol gnó, athrú úinéireachta agus tairiscint poist mhalartach mhíréasúnta.

### *Íocaíochtaí a eascraíonn as dámhachtainí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre*

**18.14** Má chinneann an Roinn gan éileamh a dhámhachtain faoi na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus/nó dócmhainneachta de réir na reachtaíochta ábhartha, nó má tá fostaí míshásta le gné de dhámhachtain, tá sé de cheart ag an bhfostaí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.[1]

**18.15** Chomh maith leis sin, is féidir le fostaithe éileamh a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in aghaidh a bhfostóra ar iomarcaíocht reachtúil neamhíoctha. Má dhéanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre dámhachtain maidir le hiomarcaíocht reachtúil in aghaidh an fhostóra agus má dhiúltaíonn an fostóir an dámhachtain a íoc, is féidir leis an bhfostaí iarratas a dhéanamh go díreach chuig an Roinn ar íocaíocht faoin scéim íocaíochta iomarcaíochta.

**18.16** Fuair 136 fostaí (thart ar 5% de na hiarratais a cuireadh isteach in 2024) íocaíochtaí iomarcaíochta ón Roinn in 2024 bunaithe ar dhámhachtainí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Bainistiúfiachais

**18.17** Bunaíodh an tIonad Bainistíochta Fiachais laistigh de rannóg iomarcaíochta agus íocaíochta dócmhainneachta na Roinne chun fiach fostóra a bhainistiú agus a aisghabháil. Tugann an an tIonad Bainistíochta Fiachais aire do gach gné de bhainistíocht fiachais le haghaidh fhiacha na scéime íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta, agus lena n-aghaidh sin amháin.

**18.18** Déantar fiach an fhostóra a thaifeadadh go huathoibríoch, agus déantar gníomhaíochtaí aisghabhála a bhainistiú ar Chóras Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltais ginearálta na Roinne. Déanann an córas go leor gnéithe de na próisis a uathoibriú chun aisghabháil an fhéich seo a lorg agus chun cumarsáid a dhéanamh le féichiúnaithe. Eisíonn Córas Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltais sonraisc fiachais tosaigh, meabhrúcháin leantacha agus ráitis fiachais bhliantúla go huathoibríoch chuig an bhfostóir.

**18.19** Tugadh an Córas Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltais isteach in 2014, agus aistríodh aon iarmhéid fiachais gan íoc den scéim íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta chuige. Áiríodh leis sin fiachas réamh-2011 gan íoc a tugadh isteach i gcóras na Roinne ón Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.[2]

**18.20** Tugadh faoi deara sa scrúdú nach raibh leibhéal na nótaí cáis mionsonraithe ag roinnt de na cásanna aistrithe agus a bhí ar fáil le haghaidh cásanna níos déanaí agus gur mó an dóchúlacht go mbeadh an fhaisnéis maidir le stádas cuideachta as dáta. Dúirt an Roinn, áfach, go bhfuil an fhaisnéis seo maidir le fiacha réamh-2011 ar fáil lasmuigh de Chóras Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltais agus go ndéantar í a sheiceáil mar chuid den phróiseas bainistithe fiachais.

**18.21** Thug an Roinn an beartas bainistíochta fiachais agus díscríofa le haghaidh scéimeanna iomarcaíochta agus dócmhainneachta cothrom le dáta i mí Eanáir 2024. Leagtar amach sa bheartas treoir níos mionsonraithe maidir leis an bpróiseas aisghabhála fiachais agus díscríofa.

1 Maidir le gach scéim eile atá maoinithe ag an Roinn, is í Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh a bhainistíonn achomhairc.

2 Roimh an 1 Eanáir 2011, bhí na scéimeanna á riar ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (mar a bhí sí ag an am sin), agus gearradh na costais ghaolmhara ar an CÁS nó fuarthas ar ais ón CÁS iad.

### *Fiachas scéime*


**18.22** Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta i gcuntas CÁS ar bhonn fáltais airgid agus íocaíochtaí. Léiríonn an t-iarmhéid atá dlite ó fhostóirí ag deireadh na bliana na fiacha scéime nár gnóthaíodh nó nár díscríobhadh.

**18.23** Tháinig laghdú ar an bhfigiúr fiachais charnaigh le deich mbliana anuas, rud a laghdaigh an t-iarmhéid fiachais foriomlán ó €447 milliún in 2015 go €320 milliún in 2024 (féach Fíor 18.3).

**18.24** Mar sin féin, tá an chuid is mó den laghdú mar gheall ar dhíscríobh fiachais. Aithníonn an Roinn go n-aisghabhfar céatadán íseal den iarmhéid gan íoc toisc go mbaineann an chuid is mó d'fhiach an fhostóra le cuideachtaí dócmhainneacha.

**18.25** Mar gheall ar éiginnteachtaí maidir le huainiú agus dóchúlacht aisghabháil féich scéime, ní aithníonn an Roinn an fiachas gan íoc mar shócmhainn i gclár comhardaithe CÁS. Ina ionad sin, nochtar an méid gan íoc trí bhíthin nóta a ghabhann le cuntais CÁS. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcur chuige cuntasaíochta caighdeánach le haghaidh sócmhainní teagmhasacha.[1]

**Fíor 18.3 Glanghluaiseacht agus iarmhéid carnach gan íoc i bhfiacha fostóirí ag deireadh na bliana, 2015 go 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tharla an méadú idir 2015 agus 2016 mar gheall ar choigeartú aon uaire ar iarmhéid tosaigh in 2015 de €36.7 milliún.

1 *Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir 19 — Forálacha, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha*.

### *Fiach gan íoc a aisghabháil*

**18.26** Ní leagann an Roinn spriocanna sonracha síos maidir le haisghabháil fiachais, rud a léiríonn cineál aonair na n-íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna. Mar chreidiúnaí tosaíochta faoi alt 621 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú), oibríonn an Roinn chun an oiread den fhiach sin agus is féidir a aisghabháil.

**18.27** Eisítear sonrasc chuig an bhféichiúnaí (fostóir/ionadaí an fhostóra) a luaithe a íocann an Roinn an méid iomarcaíochta agus/nó dócmhainneachta thar ceann an fhéichiúnaí/an fhostóra. Déanfaidh an an tIonad Bainistíochta Fiachais iarracht dul i dteagmháil go díreach leis an bhfostóir (nó le hionadaí an fhostóra) chun a staid airgeadais reatha agus a chumas an fiachas a aisíoc a fháil amach. Déanann an an tIonad Bainistíochta Fiachais faireachán rialta air sin agus eisíonn sé ráitis bhliantúla maidir le dliteanas fiachais d'fhéichiúnaithe.

**18.28** I gcásanna nach bhfuil fostóirí dócmhainneach agus go bhfuil siad fós ag trádáil, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag lorg aisíocaíochta ar na fiacha go léir ina n-iomláine nó mar chuid de phlean aisíocaíochta comhaontaithe. Dúirt an Roinn go nglactar cur chuige cothrom, ós rud é gur minic a bhíonn na cuideachtaí a bhfuil sí ag déileáil leo i ndrochbhail ó thaobh airgeadais de.[1]

**18.29** A luaithe a théann gnólacht isteach i bpróiseas foirmiúil dócmhainneachta, nó in aon phróiseas ina bhfuil oifigeach ceaptha ina mbeidh na creidiúnaithe lagaithe, téann an Roinn in iontaoibh an oifigigh a ceapadh. Tar éis íocaíocht a dhéanamh le creidiúnaithe urraithe agus táillí leachtaithe nó táillí oifigeach eile a íoc, aisíocfar an sciar ábhartha d'aon díbhinn atá fágtha le CÁS.

**18.30** Nuair a théann cuideachta faoi leachtú, tá gach cumarsáid ó fhoireann an Ionaid Bainistíochta Fiachais, idir láimhe agus uathoibríoch, díreach leis an leachtaitheoir amháin.

**18.31** De ghnáth laghdaíonn an cumas fiach a aisghabháil de réir mar a théann fiachas in aois. Mar sin féin, ní hamhlaidh an cás maidir le fiachas iomarcaíochta agus dócmhainneachta. In 2024, rinne an Roinn aisghabháil ar €6.2 milliún: bhí bhaint ag 25% de le fiachas a tiomsaíodh deich mbliana ó shin agus níos sine agus bhí 29% eile de idir cúig bliana agus naoi mbliana d'aois (féach Fíor 18.4).

**18.32** Bíonn deacrachtaí suntasacha airgeadais ag formhór na bhféichiúnaithe scéime le linn fiachas a chruthú. Dá bhrí sin, is féidir moill a chur ar aisghabhálacha agus is minic nach dtagann siad chun cinn go dtí go bhfaightear díbhinní a luaithe a chuirtear próiseas leachtaithe i gcrích.

**18.33** Braitheann an fad ama a thógann sé leachtú a chur i gcrích ar na himthosca aonair a thagann chun cinn i ngach cás, agus roinnt leachtaithe ag leanúint ar aghaidh ar feadh roinnt blianta.[2]


**18.34** Áirítear leis an bhfiach a taifeadadh mar fhiach le híoc faoi na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta fiachas a cruinníodh roinnt mhaith blianta ó shin agus ar féidir é a aisghabháil i gcónaí. De réir luacha, cruinníodh 41% den fhiach in 2014 nó roimhe sin agus cruinníodh beagnach 33% ó 2015 go 2020 (féach Fíor 18.5).

1 Eisítear litreacha meabhrúcháin ina sonraítear an t-iarmhéid fiachais gan íoc agus ina lorgaítear staid airgeadais cothrom le dáta.

2 Thóg ceann de na leachtaithe is faide in Éirinn beagnach 30 bliain (1970 – 1999).


**18.35** Tá feidhm le gnáthrialacha maidir le reacht na dtréimhsí i dtaca le bailiú fiach i.e. má tá an fiach níos sine ná sé bliana agus aon lá amháin, agus murar ghlac an Roinn aon ghníomh aisghabhála fiach sa tréimhse sin, ansin ní féidir aon imeacht a thionscnamh ina dhiaidh sin chun an fiach a aisghabháil.[1] Sa chleachtas, is annamh a dhéantar díscríobh ar fhiach faoi urchosc reachta agus dá bharr sin ní raibh ach fiach nó dhó a ndearnadh díscríobh orthu in aghaidh na bliana le cúig bliana anuas.

**Fíor 18.4 Méid na haisghabhála fiach le linn 2024, de réir aois na gné fiachais i mblianta**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Fíor 18.5 Aois an fhiachais iomarcaíochta agus dócmhainneachta le híoc ag deireadh 2024, de réir luach agus líon na bhféichiúnaithe**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta a Tá 11,557 gné fiachais aonair ann, a bhaineann le 8,925 féichiúnaí aonair. Gearrtar gné fiachais ar leith le haghaidh gach ásc fiachais.

3 Reacht na dTréimhsí 1957, alt 11.


### *Ráta na haisghabhála*

**18.36** Bunaithe ar aisghabhálacha stairiúla, aithníonn an Roinn go ndéanfar, ar an meán, níos lú ná 10% den mhéid fiachais atá le híoc a aisghabháil. Meastar go ndéanfar an 90% de luach fiachais an fhostóra atá fágtha a dhíscríobh sa deireadh.

**18.37** Fíor 18.6 ina dtaispeántar an ráta aisghabhála fiach le himeacht ama in 2016, 2017 agus 2018. Léirítear leis an anailís sin ar an ngluaiseacht fiachais go raibh thart ar 13% den fhiach sin aisghafa faoin am a raibh sé sé bliana d'aois.

**18.38** Mar sin féin, i gcás ina dtagann íocaíocht mhór ó fhéichiúnaí aonair amháin, bíonn tionchar mór aige sin ar an ráta aisghabhála bliain ar bhliain. Mar shampla, in 2019 fuarthas íocaíocht €2.4 milliún ó fhéichiúnaí aonair a bhain le fiach a cruthaíodh in 2016. Murach an íocaíocht aonair sin, bheadh ráta aisghabhála fhiach 2016 tar éis trí bliana ag 7% seachas ag 10%. Léiríonn sé sin nach féidir an próiseas aisghabhála le haghaidh fiacha a bhaineann leis na híocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna a thuar riamh.

**Fíor 18.6 Anailís aoise ar fhiacha na scéime íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta ó 2016 go 2018[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Mar shampla, léiríonn pointe a ceathair ar an ais chothrománach fiach atá níos sine ná ceithre bliana d'aois. Beidh fiach a cruthaíodh in 2016 ceithre bliana d'aois in 2020, agus beidh fiach a cruthaíodh in 2017 ceithre bliana d'aois in 2021.

### *Tograí aisghabhála – cur chuige spriocdhírithe*

**18.39** Thug an an tIonad Bainistíochta Fiachais faoi thionscadal um chur chuige spriocdhírithe le haghaidh aisghabháil fiach le déanaí. Idir mí an Mhárta 2023 agus mí Mheán Fómhair 2024, chuaigh an tAonad i dteagmháil le gach féichiúnaí nach raibh i dteagmháil leis an Roinn agus a raibh dliteanais fiachais faoi bhun €20,000 acu.[1] Seoladh litir shaincheaptha chuig gach féichiúnaí, agus tugadh plean aisíocaíochta dóibh.

1 Ba fhiachas a marcáladh mar fhiachas gníomhach a bhí sa sprioc-fhiach, nach ndearnadh aon aisíocaíocht air le 10 go 12 bhliain anuas agus ní raibh sé ar liosta an Aonaid um Bainistíocht Fiach lena leanúint suas, ní raibh sé faoi leachtacht nó faoi ghlacadóireacht agus ní raibh sé féimheach/i ndócmhainneacht phearsanta (trádálaí aonair).

.

**18.40** Ar an iomlán, d'eisigh an Roinn 4,026 sprioclitir ar fhiacha fostóra arbh fhiú €27 milliún iad. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, bhí os cionn €750,000 in aisíocaíochtaí faighte ag an Roinn, agus réamh-mheastacháin acu maidir le haisghabhálacha iomlána díreach faoi bhun €2 mhilliún de bhun na teagmhála a cruthaíodh leis an gcur chuige spriocdhírithe.

**18.41** In 2025, tá sé i gceist ag an an Ionad Bainistíochta Fiachais tabhairt faoi thogra den chineál céanna le haghaidh chohórt breise féichiúnaithe a bhfuil iarmhéideanna os cionn €20,000 le híoc acu. Tá sé i gceist freisin ag an Ionad athbhreithniú a dhéanamh ar fhéichiúnaithe níos sine, agus a stádas a chros-seiceáil le taifid ón oifig um chlárú cuideachtaí féachaint lena gcuid fiacha a dhíscríobh i gcás ina ndéanfaí stádas lánscortha a dheimhniú. Tá paraiméadair agus tréimhsí ama beachta na dtionscadal fós le cinneadh. Déantar na hathbhreithnithe sin ar bhonn ad hoc seachas mar chuid de chur chuige foirmiúil nó straitéis fhoriomlán.

### *Díscríobh fiachais*

**18.42** Is é beartas na Roinne machnamh a dhéanamh ar dhíscríobh i gcomhair scéim íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta in imthosca sainithe áirithe, chun bainistiú leanúnach fiachais a chinntiú. I measc na dtosca sin bíonn cuideachtaí a dhéantar a lánscor nó a fhoirceannadh agus i gcás nach ann don eintiteas dlíthiúil níos mó (cuideachtaí cláraithe) nó i gcás ina ndéantar duine a urscaoileadh ó fhéimheacht (trádálaithe aonair/comhpháirtíochtaí).[1]

**18.43** Fuair an Roinn smachtbhanna tarmligthe ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin chun díscríobh fiachais a dhéanamh maidir le fiacha fostóra a eascraíonn ó na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta i gcomhréir le beartas sonraithe na Roinne.

**18.44** Sa bhreis air sin, is féidir an fiach fostóra a scrúdú i gcomhair díscríobh nuair a mheasann an Roinn nach féidir é a bhailiú.[2]

**18.45** Tá foireann an Aonaid um Bainistíocht Fiachais, agus foireann bainistíochta sinsearaí na Roinne freagrach as gach díscríobh fiachais iomarcaíochta agus dócmhainneachta a dhéanfaidh an fostóir. Tá leibhéil cheadaithe i gcomhair cinntí díscríofa áirithe i mbeartas na Roinne maidir le díscríobh agus i mbeartas bainistíochta agus díscríobh fiachais iomarcaíochta agus dócmhainneachta na Roinne. Tá leibhéil an údaráis chun cinntí a dhéanamh maidir le fiach aonair bunaithe ar ghrád an bhaill foirne agus ar luach an fhiachais trí chéile.

**18.46** Mar sin féin, leis an mbeartas is féidir an díscríobh a phróiseáil ar chóras na Roinne atá le tarmligean chuig oifigeach de chuid an Aonaid um Bainistíocht Fiachais nach bhfuil an oiread údaráis aige má dhéantar taifead den chinneadh ón oifigeach a bhfuil an t-údarás cuí aige a thaifeadadh agus a choinneáil ar chomhad. Dá bhrí sin, níl na teorainneacha díscríofa arna rialú ag an gcóras ailínithe leis na méideanna údarúcháin atá leagtha amach sa bheartas. Dúirt an Roinn go ndéantar faireachán agus tuairisciú rialta ar dhíscríobh chun a chinntiú go ndéantar fiacha a dhíscríobh ar aon dul leis na teorainneacha údarúcháin atá leagtha amach sa bheartas.

1 I measc na dtosca eile tá scéim socraíochta (scrúdaitheoireacht), áit a ngabhann reachtaíocht in ionad bheartas an Rialtais agus i gcás inar scor trádálaí aonair/ comhpháirtíocht ag trádáil nó go ndearnadh eastát a fhoirceannadh.

2 Meastar nach bhfuil sé indéanta fiach a bhailiú nuair a chomhlíonann sé na critéir seo a leanas: tá sé níos lú ná €1,000, os cionn aon bhliain amháin; agus ní dhearnadh aon aisíocaíocht le bliain agus eisíodh roinnt iarrataí ar íocaíocht. Meastar freisin nach bhfuil fiach atá mar chuid de chás an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla indéanta i gcomhair bailiúcháin ach an oiread.

**18.47** Nuair a dhéantar fiach an fhostóra a dhíscríobh, fanann taifead den fhiach ar chomhad agus is féidir an díscríobh a aisiompú má dhéantar an fiach a aisíoc ina dhiaidh sin nó má éiríonn sé chun bheith inaisíoctha.

**18.48** Le linn 2024, dhíscríobh an Roinn fiach arbh fhiú €39.7 milliún é, agus


- díscríobhadh €38.7 milliún (97%) i ngeall gur díscaoileadh an chuideachta;
- Taifeadadh €1 mhilliún a díscríobhadh ar chúiseanna éagsúla, ina measc féimheacht, imthosca maolaitheacha agus bás an fhéichiúnaí.

**18.49** Le cúig bliana anuas, tá €183 milliún díscríofa ag an Roinn, le 96.5% de bharr gur díscaoileadh an chuideachta. Sna cásanna sin, ní raibh aon díbhinn ar fáil, níorbh leor na díbhinní eatramhacha a fuair an Roinn chun méid iomlán an fhiachais a chumhdach.

**18.50** Déantar formhór mór na ndíscríobh tar éis don phróiseas dlíthíochta a bheith tugtha i gcrích, tar éis don chuideachta cláraithe a bheith díscaoilte agus nuair a dheimhnítear stádas díscaoilte leis an oifig um chlárú cuideachtaí.

**18.51** Míníonn sé sin na luaineachtaí sna treochtaí díscríofa sna blianta roimhe sin. Díscríobhadh €39.7 milliún in 2024, beagnach dúbailt ó mhéid 2023 (€21.9 milliún). Bhí sé sin mar gheall ar mhéadú ar líon agus ar luach na gcuideachtaí faoi leachtacht a tugadh i gcrích in 2024 (féach Fíor 18.7).

**Fíor 18.7 Treochtaí díscríofa 2015 – 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Conclúidí agus moladh

**18.52** Tá an caiteachas ar scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta bunaithe ar éileamh agus é leochaileach do chúinsí eacnamaíocha. Fágfaidh aon mhéadú ar éileamh agus aon mhéadú ina dhiaidh sin ar an íocaíocht i ngeall ar chor chun donais eacnamaíoch go méadóidh méid an fhiachais agus droim ar ais.

**18.53** Tá an méid fiachais ón scéim íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta a taifeadadh agus a raibh iarmhéid dlite aige ó fhostóirí ag laghdú bliain ar bhliain – ó bheagnach €450 milliún ag deireadh 2015 go dtí €320 milliún ag deireadh 2024. Mar sin féin, tá an laghdú sin i ngeall ar dhíscríobh fiachais a bheag nó a mhór.

**18.54** Tá coinne leis ag an Roinn go dtiocfaidh laghdú eile ar an bhfiachas fostóra sin i ngeall ar líon na ndócmhainneachtaí foirmiúla atá ag teacht chun deiridh, mar gheall ar chur i bhfeidhm an bheartais bainistíochta fiachais athbhreithnithe in 2024 agus mar gheall ar athbhreithnithe sonracha eile atá beartaithe a dhéanamh ar fhiach níos sine atá le híoc agus cohóirt áirithe féichiúnaithe de réir luacha. Mar sin féin, déantar na hathbhreithnithe sin ar bhonn ad hoc seachas mar chuid de straitéis fhoriomlán bainistíochta fiachais.

**18.55** Tugadh an córas DRAS isteach in 2014 agus rinneadh aon iarmhéid gan íoc, lena n-áirítear fiach fostóra ó roimh 2011 a tugadh anonn ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a aistriú chuig an gcóras. Tá roinnt de na méideanna aistrithe sin fós mar chuid den iarmhéid fiachais atá fós le híoc agus go minic ní bhíonn dóthain sonraí agus faisnéis cothrom le dáta iontu a bhíonn ar fáil i gcás cásanna le níos déanaí anuas.

**Moladh 18.1**

Ba cheart don Roinn straitéis fhoirmiúil a thabhairt isteach maidir leis an athbhreithniú rialta ar fhiach níos sine atá le híoc, go háirithe cásanna roimh 2011 agus don athbhreithniú spriocdhírithe ar chohóirt áirithe féichiúnaithe de réir luacha ar bhonn tréimhsiúil.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tuigeann an Roinn go ndéanfar próiseas athbhreithnithe tréimhsiúil ar fhiach níos sine fostóra atá le híoc, lena n-áirítear fiach roimh 2011, a chur san áireamh i straitéis nua fiachais a chumhdóidh an tréimhse 2025 go 2028.

Leanfaidh an Roinn, mar chuid den straitéis athbhreithnithe sin, ag dul i ndiaidh na bhfiach uile is féidir a aisghabháil chun an aisghabháil a uasmhéadú.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh 2025.

**18.56** I bpolasaí na Roinne maidir le bainistíocht agus díscríobh fiachais iomarcaíochta agus dócmhainneachta leagtar amach na leibhéil údaráis chun cinneadh a dhéanamh fiach aonair a dhíscríobh. Mar sin féin, níl na teorainneacha údaráis in aghaidh an ghráid mar atá leagtha amach sa pholasaí ailínithe leis an gcóras bainistíochta fiachais. Is féidir le líon na foirne a bheith níos mó ná an teorainn díscríofa sin nuair a bhíonn díscríobh fiachais á phróiseáil acu. Déantar taifead ar leith de chead díscríofa agus coinnítear smachtbhanna tarmligthe lasmuigh den chóras bainistíochta fiachais.

**18.57** Ó 2014, chuir an Roinn nóta le ráitis airgeadais CÁS go n-aithníonn sí go ndéanfar thart ar 90% de luach de réir na leabhar d'fhiach fostóra le haghaidh scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta a dhíscríobh sa deireadh. Tá cuid mhaith den fhiach fostóra dlite ó chuideachtaí a bhfuil drochbhail ar chúrsaí airgeadais iontu, a bhfuil cuid mhaith díobh i bpróiseas dócmhainneachta foirmiúil, agus nach dócha go n-aisíocfar é le CÁS.

## Iarscríbhinn 18A Forbhreathnú ar na scéimeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta

| Scéim íocaíochta iomarcaíochta | Scéim íocaíochta dócmhainneachta |
|---|---|
| **Cuspóir na scéime** | |
| Is faoin bhfostóir é íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla a íoc le gach fostaí incháilithe. Mura bhfuil fostóir in ann íoc mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais, féadfar iarratas ar íocaíocht ó CÁS a chur faoi bhráid na Roinne. | Tugann an scéim cosaint d'iarfhostaithe cuideachtaí a d'éirigh dócmhainneach ar bhonn dlíthiúil. Féadfaidh fostaithe éileamh a dhéanamh, trí ionadaí fostóra, cosúil leis an leachtaitheoir nó leis an nglacadóir oifigiúil, ar na teidlíochtaí éagsúla pá-choibhneasa atá dlite dóibh (riaráistí pá agus asbhaintí eile, pá saoire atá le híoc, fógra íosta reachtúil nach bhfuil íoctha agus pá breoiteachta). |
| **An próiseas chun iarratas a dhéanamh** | |
| Cuireann an fostóir nó ionadaí an fhostóra an t-iarratas isteach agus ní mór ráiteas maidir le gnóthaí na cuideachta a bheith san áireamh ann, ag cruthú nach bhfuil an fostóir in ann an iomarcaíocht reachtúil iomlán nó cuid de atá dlite don fhostaí a íoc. | Cuireann an leachtaitheoir an t-iarratas isteach thar ceann an fhostóra. Is é an leachtaitheoir ionadaí an fhostóra toisc go meastar go bhfuil an fostóir dócmhainneach go foirmiúil de réir próiseas Ardchúirte. |
| **Rátaí** | |
| Tá an ráta iomarcaíochta reachtúil socraithe ag dhá sheachtain pá le haghaidh gach bliain seirbhíse móide seachtain amháin breise (uasmhéid €600 in aghaidh na seachtaine). | Níl aon rátaí socraithe ann toisc gur ionann an méid teidlíochta pá-choibhneasa agus an méid díreach atá dlite d'fhostaí. Ní thugtar níos mó ná €600 in aghaidh na seachtaine den phá seachtainiúil.<br><br>Is é €4,800 an íocaíocht uasta in aghaidh na gné (e.g. riaráistí pá, pá saoire, fógra íosta). |
| **Faighteoirí íocaíochtaí agus impleachtaí cánach** | |
| Déantar an íocaíocht saor ó cháin ó CÁS leis an bhfostaí go díreach, agus cruinnítear fiach láithreach in aghaidh an fhostóra. | Déantar an íocaíocht le hionadaí an fhostóra, a dhéanann maoirseacht ar na hasbhaintí cánach cuí a dhéanamh agus an méid atá fágtha a eisiúint don fhostaí. |
| **Fiach fostóra agus aisghabháil fiachais** | |
| I gcás an dá scéim, cruinnítear an fiach in aghaidh an fhostóra ar an CÁS agus tá sé d'oibleagáid ar an Roinn gach iarracht a dhéanamh an fiach atá dlite don CÁS a aisghabháil, de réir an Achta um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, arna leasú, agus an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, arna leasú. | |
| **Pionóis agus costais** | |
| Ní chuirtear aon ús ná muirear i bhfeidhm ar fhiacha fostóra. | |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí